


# Dréachtphlean Ceantair Áitiúil

## Cheantar Bardasach Neidín

### 2023-2029

Athruithe Ábhartha  
Beartaithe

Eanáir 2024





	Leathanach
<b>1.0 Réamhrá</b>	2
<b>2.0 Athruithe Ábhartha Beartaithe</b>	4
<b>2.1 Rannóg 1 Leasuithe</b>	4
<b>2.2 Rannóg 2 Leasuithe</b>	4
<b>2.3 Rannóg 3 Leasuithe</b>	10
<b>2.4 Leasuithe Chathair Saidhbhín</b>	11
<b>2.5 Leasuithe Neidín</b>	18
<b>2.6 Leasuithe Chill Orglan</b>	30
<b>2.7 Leasuithe na Snadhma</b>	36
<b>2.8 Leasuithe an Choireáin</b>	39
<b>2.9 Leasuithe Bhaile an Sceilg</b>	42
<b>2.10 Leasuithe Lios an Phúca</b>	44
<b>2.11 Leasuithe Bhaile an tSéipéil</b>	46
<b>2.12 Leasú Dhún Géagáin</b>	45
<b>2.13 Leasú Chill Gharbháin</b>	46
<b>2.14 Leasuithe Bhaile an Ridire</b>	47
<b>2.15 Leasú Phort Mhic Aoidh</b>	50
<b>2.16 Leasú an Cheantair Tuaithe</b>	51
<b>Aguisín: Iniúchadh Inniúlachta na Lonnaíochta</b>	52

## 1.0 Réamhrá

### 1.1 Brollach Dlíthiúil

Faoi Alt 18 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), féadfaidh Comhairle Contae Chiarraí, mar Údarás Pleanála, Plean Ceantair Áitiúil (PCA) i ndáil leis an gceantar sin a ullmhú d'aon cheantar ar leith ina ceantar feidhmiúil. Ceanglaíonn an tAcht go n-áirítear sa Phlean ráiteas scríofa agus plean, ina leagtar amach cuspóirí do phleanáil agus forbairt inbhuanaithe chuí an cheantair. Ní mór go mbeadh a leithéid de chuspóirí ag teacht le cuspóirí an Phlean Forbartha Contae.

Is cuspóir de chuid Chomhairle Contae Chiarraí, mar Údarás Pleanála, pleananna ceantair áitiúla a ullmhú do na lonnaíochtaí laistigh de na Ceantair Bhardasacha mar atá mínithe i gCuspóir PFCC 3-7 de Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2022-2028 (PFCC 2022-2028). Sa phlean do gach lonnaíocht criosófar dóthain tailte d'fhorbairt chónaithe, thráchtála, gheilleagrach agus shóisialta, laistigh de theorainneacha forbartha sainithe, agus de réir a feidhme. Chomh maith leis sin, déanfar foráil i bpleananna do chaomhnú agus feabhsú oidhreacht chultúrtha, nádúrtha agus thógtha an cheantair.

Nuair a ghlacann an Chomhairle leo, soláthraíonn pleananna ceantair áitiúil an creat foriomlán d'fhorbairt ceantair agus is breithniú ábhartha iad nuair a bhíonn iarratais phleanála á meas. Le cois a bhfeidhmeanna rialála, soláthraíonn pleananna treoirphlean chun lántairbhe a bhaint as féidearthacht shóisialta agus gheilleagrach gach lonnaíochta, agus uirlis do bhainistíocht spásúil ceantair.

### 1.2 Measúnuithe Timpeallachta

Nuair a bhí an Plean Ceantair Áitiúil á ullmhú, rinne an tÚdarás Pleanála cinneadh maidir leis an méid seo a leanas: -

- De bhua na gcritéar ábhartha atá leagtha amach i Rialacháin Phleanála & Forbartha, 2001, arna leasú, ní bheidh tionchar suntasach ag an bplean beartaithe ar an timpeallacht, agus
- I ndiaidh Measúnacht Chuí a ullmhú, glacadh leis nach raibh aon éifeacht dhíobhálach ar shláine láithreáin Natura 2000 dóchúil.
- Cuireadh Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte i gcrích de réir Threoirlínte na Roinne.

### 1.3 Comhairliúchán Poiblí

De réir Alt 20(1) d'Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), foilsíodh Fógra faoin Dréachtphlean Ceantair Áitiúil, Tuarascáil Timpeallachta SEA, an Measúnú ar an Treoir maidir le Gnáthóga/ Tuarascáil Tionchair Natura agus an Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte i nuachtán áitiúil agus fáiltíodh roimh bhreathnóireachtaí agus aighneachtaí. Cuireadh cóipeanna den Dréachtphlean Ceantair Áitiúil ar taispeáint don phobal chun críche scrúdaithe idir an Déardaoin, an 31 Lúnasa 2023 agus an Aoine, an 3 Samhain 2023 (an dá dháta san áireamh) agus fáiltíodh roimh aighneachtaí/bhreathnóireachtaí i rith na tréimhse seo.

Reáchtáladh roinnt laethanta oscailte don phobal, ar fhreastail neart daoine orthu, i gCathair Saidhbhín, Neidín, Cill Orglan agus Baile an Ridire i rith thréimhse an chomhairliúcháin phoiblí. Chomh maith leis sin, aistríodh an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil go Gaeilge.

#### 1.4 Comhlachtaí Reachtúla

Faoi Alt 20(1) d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), ceanglaítear ar an Údarás Pleanála dul i gcomhairle leis na húdaráis forordaithe liostaithe faoi Chuid 3 Alt 13 de Rialacháin Phleanála agus Forbartha, 2001, (arna leasú) agus iad siúd atá forordaithe faoi Airteagal 13K de Rialacháin Phleanála & Forbartha (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta), 2004-2011.

#### 1.5 Aighneachtaí faighte faoin Dréachtphlean Ceantair Áitiúil

Fuarthas 230 aighneacht i rith na tréimhse comhairliúcháin phoiblí, 3 aighneacht as Gaeilge ina measc. De réir Alt 20 (3) (ja) (i) d'Acht um Pleanáil & Forbairt, 2000, arna leasú, foilsíodh aighneachtaí agus breathnóireachtaí i scríbhinn ar shuíomh gréasáin an údaráis, <https://consult.kerrycoco.ie/en/node/1973/submissions>.

#### 1.6 Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

Cuireadh [Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh](#) agus Moltaí maidir le hAighneachtaí i láthair agus breithníodh iad ag cruinniú Cheantar Bardasach Neidín a réachtáladh ar an 11 Eanáir 2024. Cinneadh an plan a leasú.

#### 1.7 Athruithe Ábhartha

Is ionann na hathruithe ábhartha beartaithe sa doiciméad seo agus na hathruithe ábhartha atá faofa ag Baill Thofa atá le cur san áireamh sa chomhairliúchán poiblí a bheidh á réachtáil idir **Déardaoin, an 1 Feabhra 2024 agus Dé hAoine, an 1 Márta 2024**.

Ní bhainfidh aighneachtaí ach leis na leasuithe beartaithe.

De réir Alt 20(3) (f) d'Acht um Pleanáil & Forbairt, 2000 (arna chur isteach le hAlt 13(b)(iv) d'Acht um Pleanáil & Forbairt (Leasú), 2010, cinneadh go raibh gá le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA), Measúnú ar an Treoir maidir le Gnáthóga (HDA) agus Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte (SFRA) a dhéanamh ar na hAthruithe Ábhartha molta. Tá Aguisín Timpeallachta SEA, Aguisín Thuarascáil Tionchair Natura agus Aguisín leis an Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte ullmhaithe don tuarascáil seo faoi na hAthruithe Ábhartha Beartaithe.

## 2.0 Athruithe Ábhartha Beartaithe:

Cinneadh gur cheart Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Cheantar Bardasach Neidín 2023-2029 a **leasú** mar seo a leanas: (Tá an téacs breise i **gcló iodálach** agus tá ~~le~~ **le** an téacs atá le scríosadh

### 2.1 Rannóg 1 Leasuithe

#### Leasú 1

Tá sé beartaithe rannóg nua a chur san áireamh, Cur Chun Feidhme & Monatóireacht, i Rannóg 1 mar seo a leanas;

*Cur Chun Feidhme & Monatóireacht*

*Sa Phlean leagtar amach fíis agus straitéis na Comhairle do Cheantar Bardasach Neidín, lena n-áirítear beartas agus cuspóirí sonracha chun creat a sholáthar d'fhorbairt inbhuanaithe an Cheantair Bhardasaigh don tréimhse idir 2023-2029. Monatóireacht rialta ar an dul chun cinn déanta chun seachadadh éifeachtach na gcuspóirí atá leagtha amach sa Phlean a chinntiú. Éilíonn cur chun feidhme an Phlean Ceantair Áitiúil comhoibriú ó agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ar fad. Beidh ról ríthábhachtach ag comhordú idir príomhranna eile san Udarás Áitiúil d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar na cuspóirí sin a bhaineann le bóithre, tithíocht agus forbairt pobail.*

### 2.2 Rannóg 2 Leasuithe

#### Leasú 2

Tá sé beartaithe cuspóir nua a chur san áireamh i Rannóg 2.11 (Cuspóirí Nascachta) mar seo a leanas;

*A chinntiú go bhfuil bonneagar bóithre nua bunaithe ar bhonn fianaise oibiachtúil, cosúil le trí Phleananna Iompair Áitiúil agus Bainistíochta Tráchta, nó ar bhealach éigin eile, lena n-áirítear léargas a thabhairt ar chomhsheasmhacht leis an mbeartas náisiúnta iompair reatha.*

Tá sé beartaithe cuspóir KENMD-59 a leasú mar seo a leanas;

*Cur i gcrích na n-oibreacha atá sonraithe i 'Sceideal Phlean na nOibreacha sa Cheantar Bardasach' do Cheantar Bardasach (CB) Neidín a éascú atá comhoiriúnach leis na cuspóirí cosanta timpeallachta don cheantar agus leis an mBeartas Soghluaisteachta Inbhuanaithe Náisiúnta (2022), an Creat Náisiúnta Iompair d'Éirinn, nó aon doiciméad beartais a fhoilsítear ina dhiaidh sin.*

Tá sé beartaithe téacs Rannóg 2.11.1.2.1 a leasú mar seo a leanas;

*Éascóidh an chomhairle forbairt inbhuanaithe glasbhealaí & rotharbhealaí ar bhealach a chinnteoidh go mbeidh an Lámhleabhar Deartha Rothaíochta (2023) á chomhlíonadh.*

#### Leasú 3

Tá sé beartaithe cuspóir nua a chur san áireamh i Rannóg 2.9.2 (Cuspóirí Talamhúsáide & Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte) mar seo a leanas;

*A chinntiú go ndéantar tograí beaga forbartha, (e.g. síntí beaga ar thithe atá tógtha cheana nó athruithe úsáide), i gceantair a bhfuil riosca measartha nó ard de thuilte iontu a mheas de réir Rannóg 5.28 de na Treoirlínte, agus an treoir bhreise atá sonraithe i gCiorclán Pleanála PL2/2012 a chur san áireamh.*

**Leasú 4**

Tá sé beartaithe go ndéanfaí tagairt sa PCA do *"Tionól an Chábla Thrasatlantaigh"* seachas do *"Láithreáin Chábla Dhairbhre"*. Leasófar an tagairt seo ar fud an PCA.

Tá sé beartaithe cuspóir KENMD-25 a leasú mar seo a leanas;

Tacú le Láithreáin Chábla Dhairbhre *Tionól an Chábla Thrasatlantaigh* a ainmniú mar Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO.

Tá sé beartaithe cuspóir KENMD-26 a leasú mar seo a leanas;

Tacaíonn an Roinn leis an uaimhian tacú le caomhnú agus léiriú na bpríomhláithreán cábla ag an Seanchlós Sclátaí agus ag láithreán 'First Message' & 'Telegraph Field' de réir *threoir ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus UNESCO na Treorach agus na Sraithe Straitéisí do Mheasúnuithe Tionchair i gComhthéacs Oidhreachta Domhanda arna n-eisiúint ag an Ionad Oidhreachta Domhanda agus ICOMOS.*

Tá sé beartaithe téacs Rannóg 2.6.2.3 a leasú mar seo a leanas;

Tá maoiniú bronnata ar *Stáisiún Cábla Thrasatlantach Dhairbhre Thionól an Chábla Thrasatlantaigh* mar chuid den Chiste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe. ~~Athbunófar~~ *caomhnófar* Stáisiún Cábla Thrasatlantaigh Dhairbhre mar thoradh ar an tionscadal seo.

Moltar an téacs seo a leanas a chur leis i ndáil leis an *Telegraph Field* i Rannóg 2.6.2.3 mar seo a leanas;

*Sa Telegraph Field ag Bá Fhail Sheamaram tógadh stáisiún cáblaí sealadach nuair a rinneadh an chéad nasc cábla inbhuanaithe sa bhliain 1866, ainneoin nach raibh sé oscailte ach i gcomhair dhá bhliain.*

Tá sé beartaithe é seo a leasú agus an téacs seo a leanas a chur san áireamh i Rannóg 2.6.2.2 mar seo a leanas;

San áireamh i gceantar an Phlean tá Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO, Sceilg Mhichíl ~~agus Cathair na Stéige, ceann den trí shéadchomhartha sa chontae atá san áireamh in ainmniúchán Chaisil an Iarthair ar 'Liosta Sealadach' na hÉireann. Beidh ról uathúil ag Contae Chiarraí in Éirinn sa mhéid is go bhféadfadh dhá Láithreán Oidhreachta Domhanda a bheith suite an-ghar dá chéile ann. Tá sé rithabhachtach go mbeadh bainistiú, caomhnú agus léiriú an dá láithreáin seo ag cur lena chéile, agus go léirítear é seo sa PCA. Is é beartas na Comhairle tacú le Plean Bainistíochta Láithreán Oidhreachta Domhanda Sceilg Mhichíl.~~

Tá sé beartaithe cuspóir nua a chur san áireamh i Rannóg 2.6.2 (Cuspóirí Oidhreachta Tógtha) mar seo a leanas;

*Tacú le Plean Bainistíochta Láithreán Oidhreachta Domhanda Sceilg Mhichíl 2020-2030.*

**Leasú 5**

Tá sé beartaithe rannóg nua a chur san áireamh, Gníomhú ar son na hAeráide, i Rannóg 2.9 mar seo a leanas;

*Gníomhú ar son na hAeráide*

*I gcomhthéacs an PCA seo, tá comhtháthú an bheartais um ghníomhú ar son na haeráide ailínithe leis an bhfís, cuspóirí straitéiseacha agus gníomhartha a bhfuil cur síos déanta orthu i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Údaráis Áitiúil (PGAUA) Chomhairle Contae Chiarraí a*

bhfuil sé beartaithe glacadh leis i Ráithe 1 de 2022. Cuirtear san áireamh sa PGAUA, i gcomhthéacs na bpleananna talamhúsáide, go bhfuil comhtháthú na pleanála spásúla, iompair agus fuinnimh riachtanach chun dícharbónú a chinntiú, go háirithe in earnálacha dúshlánacha an teasa agus an iompair.

Príomhdhúshlán a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide i gcomhthéacs an PCA seo é dícharbónú teasa sa timpeallacht thógtha sna hearnálacha cónaithe agus neamhchónaithe. Ainneoin go bhfuil tairbhe bainte ag an gComhairle as cur chuige réamhghníomhach maidir le tacú le agus cur chun feidhme tionscnamh éifeachtúlachta fuinnimh ina cuid foirgneamh féin go dtí seo, tá spriocanna dúshlánacha le sárú chun spriocanna na hearnála poiblí a chomhlíonadh (feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú 51% ar astaíochtaí faoin mbliain 2030). Anuas air sin, beidh dúshlán ag baint le spriocanna dícharbónaithe san earnáil phríobháideach a chomhlíonadh. Ainneoin go mbeidh rialacháin tógála náisiúnta in úsáid chun maoirseacht a dhéanamh ar reachtaíocht fuinnimh Eorpach athraitheach a chomhlíonadh i bhfoirgnimh reatha agus nua (ag caighdeán NEZB) - d'fhéadfadh an PCA tacú go hindíreach le tionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo an earnáil teasa a dhícharbónú ar leibhéal áitiúil. Anseo, d'fhéadfadh prionsabail fáis chomhdhlúite rolladh amach níos costéifeachtaí de thionscadail aifheistithe ag scála spásúil níos mó a éascú; agus imscrúduithe ar scéimeanna teasa pobail poitéinsiúla a éascú, cosúil le scéimeanna téimh ceantair, agus/nó foinsí teasa in-athnuaithe poitéinsiúla. Chomh maith leis sin, tacaítear sa PCA le húsáideoir fuinnimh na todhcháí - an "táirgeoir is tomhaltóir" - rud a chiallaíonn, go bunúsach, go bhfuil fuinnimh in úsáid gar don áit a bhfuil sé á tháirgeadh. Glactar le go leor de na tionscadal fuinnimh 'táirgeoir is tomhaltóir' seo mar fhorbairt díolmhaithe e.g. suiteáil grianphainéal fhótavoltacha. É sin ráite, tacaítear in PCA le giniúint phobalbhunaithe de réir an bheartais agus na gcuspóirí a bhfuil cur síos déanta orthu i gCaibidil 12 de PFCC 2022-2028 agus reachtaíocht maidir le micrighiniúint agus easpórtáil chuig an eangach atá á forbairt.

Maidir le dícharbónú iompair, beidh ról lárnach ag fás comhdhlúite agus tacú leis an tsamhail seachain-athraigh-feabhsaigh in PCA chun laghduithe astaíochtaí iompair uailmhianacha a chinntiú. Dá réir sin, tacaítear go láidir sa PCA seo le "seachain", trína chinntiú, trí fhás comhdhlúite/maireachtáil ard-dlúis, go maireann daoine inár lonnaíochtaí gar dá n-áit oibre, scoil etc.; "athraigh" trína chinntiú gur féidir le daoine, trí thaisteal gníomhach, siúl, rothaíocht nó úsáid a bhaint as iompar poiblí go sábháilte agus trí "feabhsaigh" a chinntiú go dtacaíonn an Plean le rolladh amach breoslaí malartacha cosúil le bonneagar luchtaithe feithicilí leictreacha.

Tá sé beartaithe téacs Rannóg 2.3.1 a leasú mar seo a leanas;

Pointe tábhachtach nach mór a chur san áireamh is ea go bhfuil athfhorbairt láithreán athfhorbraíochta níos inbhuanaithe ná forbairt láithreán úrnua agus gur cheart tacú lena leithéid. Tá an prionsabal seo maidir le fás comhdhlúite ag teacht leis an mBeartas um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhfuil cur síos déanta air i nDréachtphlean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Údaráis Áitiúil 2024-2029. I gcomhthéacs an PCA seo, ceadaíonn fás comhdhlúite foirmeacha níos inbhuanaithe de sheirbhísí bardasacha a chur ar fáil cosúil le dícharbónú teasa ag scála. Tá na féidearthachtaí a bhaineann le e.g. scéimeanna téimh ceantair nó tionscadail aifheistithe mórskála chun teas a leictriú ag scála, níos indéanta go heacnamaíoch i lonnaíochtaí comhdhlúite. Nuair a bhíonn plé á dhéanamh ar thograí athfhorbartha, tá sé tábhachtach díriú ar na féidearthachtaí a bhaineann leis na láithreáin seo d'fhorbairt gheilleagrach; cruthú fostaíochta agus tacú leis an ngníomhú ar son na haeráide trí dhícharbónú dhá earnáil shuntasacha – teas agus iompar.



Tá sé beartaithe téacs Rannóg 2.3.2 a leasú mar seo a leanas:

Bunaítear sna Coimrí na prionsabail forbartha ghinearálta le haghaidh na gceantar agus leagtar amach iontu dáileadh ginearálta na dtalamhúsáidí, na gcóras ciorclaíochta agus na bpríomhphointí rochtana. Ba cheart léargas a thabhairt sna Coimrí freisin ar conas a d'fhéadfaí talamhúsáidí amach anseo a chomhtháthú le forbairt mórthimpeall agus ba cheart foráil a dhéanamh do chéimniú na forbartha amach anseo. *Ina theannta sin, cuimsítear sa choimre an riachtanas go mbeadh forbairtí amach anseo ailínithe le beartas um ghníomhú ar son na haeráide go háirithe rialacháin atá á bhforbairt d'Fhoirgnimh Astaíochtaí Glan-Nialasacha (NZEB) de réir mar a bheidh tuilleadh Treoracha AE maidir le fuinneamh á dtrasú.*

Déantar iarracht sna coimrí léargas a thabhairt ar an méid seo a leanas, ag féachaint do chomhthéacs agus carachtar an láithreáin reatha:

- Leagan amach agus dáileadh foriomlán úsáidí agus spás oscailte ar na tailte ábhartha;
- *Go mbeidh roghanna deartha foirgneamh aeráid-díonach agus arna meas i dtéarmaí feidhmíochta fuinnimh, bainistíochta fuinnimh, astaíochtaí carbóin agus costas oibriúcháin amach anseo;*
- Príomhbhonneagar bóithre agus rochtana;
- Príomhbhealaí do choisithe agus do rothaithe agus rochtain go háirithe i ndáil le hastaíochtaí ón earnáil iompair a mhaolú;
- Feabhsuithe ar an mbonneagar bóthair atá ann cheana; agus
- Ionchorprú gnéithe reatha a mbaineann luach bithéagsúlachta leo (e.g fála sreach, crainn, sruthchúrsaí) & feabhsú na bithéagsúlachta.

Tá soláthar an bhonneagair/na bprionsabal thuas leagtha amach sna léarscáileanna tionlacain. Tugtar aird sna tograí atá le fáil sna Coimrí seo ar na beartais, cuspóirí agus caighdeáin atá le fáil i PCA CB Neidín agus PFCC. Úsáidfear na Coimrí mar uirlis do sheachadadh comhordaithe na forbartha sna blianta amach romhainn *a mbeidh beartas um ghníomhú ar son na haeráide ag tacú leis go háirithe chomh fada is a bhaineann le hastaíochtaí ó theas agus iompar a laghdú.* Cinnteoidh sé go mbeidh an fhorbairt comhtháite agus deartha go cuí de réir phleanáil chúil agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.

## Leasú 6

Moltar go mbeidh an tábla nuashonraithe seo a leanas á chur in ionad Thábla 2.7:

Stádas Lonnaíochta	Lonnaíocht	WWTP (Lamháil)	Soláthar Uisce
Baile Réigiúnach	Cathair Saidhbhín		
	Neidín	*	
	Cill Orglan		
Baile Dúiche	An tSnaidhm	**	
	An Coireán		
Sráidbhailte	Baile an Sceilg		

	Lios an Phúca	#	
	Baile an tSéipéil	#	
	Dún Géagáin		
	Gleann Beithe	***	
	Cill Gharbháin		
	Baile an Rídire	##	
	Port Mhic Aoidh		
<p>* táthar ag súil go gcuirfear uasghrádú an WWTP seo i gcrích i mí na Nollag 2025                  # níl aon WWTP poiblí ann faoi láthair                  ** Táthar ag obair ar chéim an dearaidh mhionsonraithe de chlár Uasghrádaithe WWPS faoi láthair                  *** cuid de STVGP, tionscadal ag Céim 2 – Réamhchás Gnó                  ## tá forbairt á déanamh ar thionscadal a bhfuil sé mar aidhm leis WWTP a uasghrádú faoi STVGP</p>			
<b>Eochair</b>	<b>Acmhainn ar fáil</b>	<b>Acmhainn phoitéinsiúil</b>	<b>Níl aon acmhainn infheistíocht chaipitil ag teastáil</b>

### Leasú 7

Tá sé beartaithe Cuspóir KENMD-58 a leasú mar seo a leanas;

Pleananna Iompair & Bainistíochta Tráchtála Áitiúla a ullmhú le haghaidh na lonnaithe de réir mar is cuí, **ag leanúint phrionsabail an chuir chuige ABTA mar atá leagtha amach ag an Údarás Náisiúnta Iompair agus ag Bonneagar Iompair Éireann.**

Tá sé beartaithe cuspóir nua a chur san áireamh i Rannóg 2.11 (Cuspóirí Nascachta) mar seo a leanas;

**Cur chun feidhme Éire a Nascadh agus an Chláir Iompair Tuaithe - Nasc Áitiúil, a éascú laistigh den CB, trí oibriú seirbhísí iompair poiblí idir agus laistigh de lonnaithe a éascú agus an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as inrochtaineacht siúil chuig seirbhísí trí chomhdhlúthú na forbartha laistigh de lonnaithe agus feabhsú na nascachta áitiúla.**

### Leasú 8

Tá sé beartaithe Cuspóir KENMD-28 a leasú mar seo a leanas;

Forbairt na dtionscadal atá liostaithe i 'Plean Forbartha Eispéireas Cuartaíochta Chósta an Sceilg' agus **'Plean Forbartha Cinn Scríbe agus Eispéiris Iarthar Chorcaí agus Neidín'** a éascú más cuí.

**Leasú 9**

Tá sé beartaithe téacs Rannóg 2.6.2.3 a leasú mar seo a leanas;

I gcomhair 100 bliain, ba é *iad* Stáisiún Cáblaí Dhairbhre mol na cumarsáide trasatlantáí. Baineann luach suntasach oidhreachta, náisiúnta agus idirnáisiúnta, leis an *Stáisiún Cáblaí agus clós sclátaí i mBaile an Ridire, gClós Sclátaí (1858) i mBaile an Ridire, an Telegraph Field (1866) i bhFaill Sheamaram, agus an Stáisiún Cáblaí (1868) i mBaile an Ridire*, chomh fada is a bhaineann lena seandálaíocht thionsclaíoch, stair agus an tslí ar chuir siad leis an dul chun cinn teicneolaíoch atá déanta ag an duine.

**Leasú 10**

Tá sé beartaithe gach tagairt do “Ceantair Oidhreachta & Cultúr-Íogaire” sa PCA a athrú go dtí “*Ceantair Oidhreachta Thionsclaíocha & Chultúrtha Shuntasacha*”.

Tá sé beartaithe Figiúr 2.9 a fhágáil as an áireamh: Ceantar 2 *Telegraph Field H & CSA*.

**Leasú 11**

Tá sé beartaithe Cuspóir KENMD-19 a leasú mar seo a leanas;

Tacú le Údarás na Gaeltachta & Coiste Forbartha na Sceilge i ndáil le tionscadail atá dírithe ar thionscadail chun cóiríocht inbhuanaithe a chur ar fáil *laistigh* de na lonnaithe Gaeltachta seo a leanas - Baile an Sceilg, Dún Géagáin, *An Gleann agus An Chillín Liath, agus tionscadail tithíochta inacmhainne phobalbhunaithe eile i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh*.

Tá sé beartaithe Cuspóir KENMD-14 a leasú mar seo a leanas;

Tacú le Pleananna Teanga agus iad a éascú - *Brí Uíbh Ráthaigh – Plean Teanga Chiarraí Theas 2019-2026* agus *plean teanga do Chathair Saidhbhín, Baile Seirbhíse Gaeltachta ainmnithe, agus Nascadh Uíbh Ráthaigh*, chun a sprioc maidir le cur le líon na gcainteoirí Gaeilge laethúla a chomhlíonadh.

Tá sé beartaithe téacs Rannóg 2.6.1.2 a leasú mar seo a leanas;

**2.6.1.2 Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh**

~~Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh~~ *Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh* plean athghiniúna trasearnála comhtháite don réigiún i mí Iúil 2019 inar leagadh béim ar fhostáíocht agus caighdeán saoil. Is é an aidhm atá leis an bplean 145 post lánaimseartha a chruthú agus an daonra a mhéadú 3% trí bhéim a leagan ar nuálaíochtaí a fhorbairt i bhfiontair feirme mhalartacha, mol digiteach a fhorbairt agus cuairteoirí turasóireachta a mhéadú. Chomh maith leis sin, sprioc eile atá sonraithe sa tuarascáil seo méadú 5% a chinntiú i líon na gcainteoirí Gaeilge laethúla agus coláiste samhraidh Gaeilge a athbhunú, chun dul i ngleic le leibhéil laghdaithe de chainteoirí Gaeilge sa cheantar. Tacaíonn an Plean seo le huaimhianta Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh agus aon tuarascáil/phlean/ghníomhaíocht a dtacaíonn sé leo de réir phrionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inbhuanaithe

*Moladh sa Phlean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe (2017) gur cheart Tascfhórsa a bhunú do cheantar Gaeltachta Uíbh Ráthaigh chun déileáil le fadhbanna áirithe a bhaineann le heasnaimh struchtúrtha daonra. Moladh go bhforbrófaí plean comhtháite, trasearnála do*

Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh chun dul i ngleic le riachtanais shóisialta agus gheilleagracha an phobail agus seoladh plean athghiniúna uailmhianach don réigiún i mí Iúil 2019. Bhí na réimsí fócais sa phlean sin dírithe ar fhostaíocht agus caighdeán saoil a fheabhsú mar éascaitheoirí d'fhás agus d'athstruchtúrú daonra. Tá an Tascfhórsa i ndiaidh glacadh leis an dara plean gníomhaíochta don tréimhse idir 2023-2026, ag cur leis na céimeanna a cuireadh i gcrích i rith chéim a haon agus ag díriú ar chumasóirí criticiúla d'fhás agus d'fhorbairt gheilleagrach mar aon le bunsráitheanna breise a fhorbairt do phríomhthionscnaimh caighdeáin saoil sa cheantar. Tacaíonn an PCA seo le huailmhianta Thascfhórsa Uíbh Ráthaigh.

## Leasú 12

Tá sé beartaithe téacs Rannóg 2.7.3 a leasú mar seo a leanas:

Tá CCC airdeallach ar an ról tábhachtach fostaíochta atá ag talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht laistigh de CB Neidín, agus tá 1,082 duine fostaíthe sna hearnálacha seo. Tá céatadán níos airde daoine ag obair sna hearnálacha traidisiúnta - talmhaíocht/foraoiseacht/iascaireacht (11%) - in CB Neidín i gcomparáid leis an meánfhigiúir don tír, atá cothrom le 8%. Tá CCC tiomanta do tacú le fás agus forbairt inbhuanaithe na n-earnálacha fostaíochta seo. Is é beartas na Comhairle tacú le forbairt inbhuanaithe na hearnála muirí/dobharshaothraithe chun lántairbhe a bhaint as an mbealach a gcuireann sí le fostaíocht agus fás i bpobail cois cósta agus folláine gheilleagrach an cheantair. *Tá roinnt suíomhanna luaite le dobharshaothrú sa cheantar bardasach, An Cromán ina measc.*

## 2.3 Rannóg 3 Leasuithe

### Leasú 13

Tá sé beartaithe téacs Rannóg 3.1.2.2 a leasú mar seo a leanas:

- Ní cheadófar forbairt chónaithe ar thailte R4 (Cúltaca Straitéiseach Cónaithe) nuair a bheidh 50% 80% de thailte críosaithe R1 (Talamh Cónaithe Nua/Beartaithe) críosaithe faoi réir an bhonneagair oiriúnaigh a chur ar fáil.
- ~~Sa chás nach bhfuil aon talamh sainaitheanta mar thalamh R1 nó R4 i lonnaitheacht ar leith, ní bhreithneofar forbairt chónaithe ach faoi réir Chroístraitéis PFCC agus bonneagar uisce oiriúnach a chur ar fáil.~~
- *A chinntiú go bhfuil forbairt chónaithe ar thailte R4 (Cúltaca Straitéiseach Cónaithe) i Sráidbhailte ag teacht leis an gCroístraitéis agus faoi réir bonneagar uisce oiriúnach a chur ar fáil.*
- *I Lonnaitheachtaí Sráidbhailte Beaga (áit nach bhfuil aon talamh sainaitheanta mar thalamh R1 nó R4), ní bhreithneofar forbairt chónaithe braisle ach amháin faoi réir bonneagar uisce oiriúnach a chur ar fáil de réir Rannóg 3.5.2 den Phlean seo.*

Tá sé beartaithe Cuspóir KENMD-76 a leasú mar seo a leanas;

Cosc a chur ar fhorbairt ar thailte atá críosaithe mar thailte R4 (cúltaca straitéiseach cónaithe) go dtí go mbíonn 50% 80% de na tailte R1 (talamh críosaithe nua/beartaithe) forbartha chun sástachta Údaráis Pleanála agus faoi réir bonneagar oiriúnach a chur ar fáil.

Tá sé beartaithe cuspóir nua a chur san áireamh i Rannóg 3.1.2 (Cuspóirí Cónaithe) mar seo a leanas;

*A chinntiú go bhfuil forbairt chónaithe ar thailte R4 (Cúltaca Straitéiseach Cónaithe) i Sráidbhailte ag teacht leis an gCroístraitéis agus faoi réir bonneagar uisce oiriúnach a chur ar fáil.*

**Leasú 14**

Tá sé beartaithe Cuspóir KENMD-70 a leasú mar seo a leanas;

A chinntiú go dtacóidh gach forbairt nua le sláine an tírdhreacha tuaithe mórthimpeall agus carachtar tuaithe na lonnáiachta agus ag an am céanna a chinntiú go dtacaíonn forbairt a dhéanfar amach anseo le ról agus feidhm reatha an tsráidbhaile mar fhócasphointe beag áitiúil don phobal tuaithe mórthimpeall agus go dtacaíonn sé leis an aidhm atá ann cur le líon na gcainteoirí Gaeilge laethúla sa cheantar.


**2.4 Leasuithe Chathair Saidhbhín****Leasú 15**

Tá sé beartaithe téacs Rannóg 3.2.1.5.3 a leasú mar seo a leanas;

forbairt a theorannú go dtí forbairt atá comhoiriúnach le huisce laistigh de Chrios Tuilte A agus forbairt atá comhoiriúnach le huisce/nach bhfuil chomh leochaileach sin i gCrios Tuilte B, mura n-éiríonn le tograí laistigh de na láithreáin seo tástáil fírinne baineistíochta riosca i gcás tuilte a chur i gcrích, chun sástachta an Údaráis Pleanála.

### Leasú 16

Tá sé beartaithe léarscáil chriosaithe Chathair Saidhbhín a leasú ó M4 Limistéar Foirgnithe go dtí N1.6 Carrchlós mar seo a leanas;




Dréacht-PCA

Leasú Beartaithe

### Leasú 17

Tá sé beartaithe léarscáil chriosaithe Chathair Saidhbhín a leasú ó G1 Spás Oscailte, Páirc go dtí R1 Forbairt Chónaithe Nua/Bheartaithe mar seo a leanas;



Dréacht-PCA

Leasú Beartaithe

Aitheantas	Criosú	Rochtain ar Bhóthar	Cosáin	Soilsiú Poiblí	Séarach Bréan/Stoirme	Soláthar Uisce	Leibhéal	Ceantar (ha)	Aonaid Dlúis Mheasta p/ha	Toradh Poitéinsiúil
CH-101	R1	✓	✓	✓	✓	✓	1	0.36	20-35	7-13

Iniúchadh Inniúlachta na Lonnaíochta - Láithreán Aibhsithe

Tá sé beartaithe rannóg nua a chur san áireamh, Tailte Cónaithe ar Bhóthar na Muiríne, i Rannóg 3.2.1.5 (Lár an Bhaile) mar seo a leanas:

#### 3.2.1.5.6 Tailte Cónaithe ar Bhóthar na Muiríne

Tá an láithreán seo suite idir Bóthar na Muiríne agus Plás Mhuire/Ardán Iósaif. Tá an láithreán seo mar aon leis na tailte in aice láimhe ó dheas suite go straitéiseach gar do lár an bhaile, don mhuiríne agus do Ghlasbhealach Chiarraí Theas atá beartaithe a fhorbairt. Is féidir glacadh leis an láithreán atá suite ar lomán carraigeach ardaithe os cionn an éadain le huisce mar shainchomhartha tíre. D'fhéadfaí an láithreán seo a

úsáid chun meascán d'aonaid chónaithe a chur ar fáil ach freisin d'úsáid turasóireachta/áineasa a d'fhéadfadh freastal ar riachtanais úsáideoirí an Ghlasbhealaigh nó cuairteoirí chuig an Anaclann Spéire Dorcha ar bhealach inbhuanaithe agus laistigh d'achar siúil ó lár an bhaile.


Tá srianta forbartha luaite leis an láithreán seo, ar cheart déileáil leo mar chuid d'aon iarratas pleanála, lena n-áirítear na nithe seo a leanas.

- **Topagrafaíocht:** Is láithreán feiceálach é seo, atá ardaithe agus os cionn an éadain le huisce. Is éadan carraige géar den chuid is mó atá le fáil ag an láithreán feadh Bhóthar na Muiríne. Ba cheart aon togra le haghaidh na dtailte seo a dhearadh de réir ardchaighdeán ailtireachta. Teastaíonn ráiteas dearaidh mionsonraithe ina bhfuil cur síos ar conas a sholáthródh an togra forbairt sainchomhartha tíre áitiúil agus conas arbh fhéidir a leithéid a chomhtháthú go sásúil sa bhailédhreach/tírdhreach.
